Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Márta 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0224(COD)**

6692/21
ADD 4

CODEC 306
RECH 83
COMPET 147
IND 48
MI 131
EDUC 69
TELECOM 86
ENER 61
ENV 117
REGIO 32
AGRI 107
TRANS 110
SAN 103
CADREFIN 111
IA 30

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 **(an chéad léamh)**<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráitis |

**Ráitis ón gCoimisiún**

**Ráiteas maidir le hAirt. 5**

Tugann an Coimisiún dá aire an comhréiteach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir le foclaíocht Airteagal 5. Is é an tuiscint atá ag an gCoimisiún maidir leis an gclár sonrach taighde um chosaint a luaitear in Airteagal 1 mír 2 pointe c) go bhfuil an clár sin teoranta do na gníomhaíochtaí taighde faoin gCiste Eorpach Cosanta a bheidh ann amach anseo, agus do na gníomhaíochtaí taighde sin amháin, agus go meastar go bhfuil na gníomhaíochtaí forbartha lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo.

**Ráiteas maidir le cearta an duine in Airt. 16.1.d**

Géilleann an Coimisiún don urraim do chearta an duine a leagtar síos in Airteagal 21 CAE agus sa dara fomhír ann 'Féachfaidh an tAontas le caidrimh a fhorbairt agus comhpháirtíochtaí a thógáil le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha nó domhanda a pháirtíonn na prionsabail chéanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír.' Mar sin féin, is cúis aiféala don Choimisiún gur cuireadh 'urraim do chearta an duine' sa tacar critéar a bheidh le comhlíonadh ag tríú tíortha ionas go mbeidh siad incháilithe le haghaidh comhlachas sa Chlár faoi Airteagal 16 mír 1 pointe d)(1) d. Níor measadh maidir le haon chlár eile de chuid an Aontais i ndáil leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo gur ghá tagairt chomh sainráite sin a chur isteach cé nach bhfuil amhras ar bith ann go bhfuil an tAontas ag féachaint le cur chuige comhsheasmhach a shaothrú ina chaidreamh seachtrach le tríú tíortha a mhéid a bhaineann le cearta an duine a chosaint ina ionstraimí agus a réimsí beartais uile, agus lenar cheart treoir a thabhairt don Choimisiún maidir leis an bhforáil sin a chur chun feidhme.

**Ráiteas maidir leis an gComhar Idirnáisiúnta**

Tugann an Coimisiún dá aire dearbhú aontaobhach na Comhairle, a ndéanfaidh sé breithniú cuí air, i gcomhsheasmhacht leis an gConradh, le dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais agus le prionsabal na cothromaíochta institiúidí, nuair a rachaidh sé i gcomhairle leis an gcoiste speisialta faoi Airteagal 218(4) CFAE.